Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2021
(OR. en)

14015/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0358(NLE)**

ACP 115
FIN 901

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 13336/21 - COM(2021) 686 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, maidir le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE<br>– Glacadh |

1. An 28 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, maidir le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (13336/21).

2. An 22 Samhain 2021, tháinig Meitheal ACC ar chomhaontú ar leibhéal na meithle maidir leis an togra.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an dréachtchinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, maidir le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, mar a leagtar amach é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur air, in 13542/21;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ó ACC-AE, a luaithe a ghlacfar é, san Iris Oifigiúil.

Tar éis don Chomhairle an dréachtchinneadh a ghlacadh, cuirfear dréachtchinneadh ó ACC-AE chuig ACC lena ghlacadh ag Coiste Ambasadóirí ACC-AE trí litreacha a mhalartú.